Saibhreas sa Tobar

Saibhreas sa Tobar

Bhí triúr deartháireacha ann aon uair amháin. Bhí cónaí orthu i dteach beag ceann tuí. Bhí feirm bheag acu. Ar an fheirm seo bhí tobar ann. Bhí uisce an tobair galánta. Ní raibh an tobar tirim riamh.

Lá breá brothallach tháinig seanfhear an bealach. Chonaic sé na fir seo ag obair sa chuibhreann.

“Tá mé iontach te,” arsa an seanfhear. “An mbeadh cead agam deoch a fháil ón tobar seo?”

“Bheadh agus fáilte,” arsa deartháir amháin. Chuaigh sé isteach sa teach go bhfuair sé cupán dó. Ansin, chuaigh sé a fhad leis an tobar agus tharraing sé amach buicéad uisce. D’ól an seanfhear an t-uisce agus áthas air. Ansin, thug an dara deartháir cuireadh dó fanacht agus greim bia a fháil óir bhí cuma ocrach go leor ar an tseanduine. “Go raibh maith agat. Déanfaidh mé sin,” arsa an seanfhear.

Dúirt an tríú deartháir go mbeadh sé ábalta fanacht sa teach acu an oíche sin.

“Tá teas ann,” a dúirt sé, “agus beidh codladh maith agat.”

“Go raibh maith agat,” arsa an seanfhear. “Déanfaidh mé sin. Tá sibh triúr iontach maith dom.”

D’fhan an seanfhear leo an oíche sin. Nuair a tháinig an mhaidin agus d’éirigh an seanfhear bhí sé breá sásta. Thug deartháir amháin arán dó agus thug fear eile deoch uisce dó. Uisce ón tobar a bhí ann.

“Go raibh míle maith agaibh. Bhí sibh iontach cineálta dom. Ní thig liom rud ar bith a thabhairt daoibh. Ach cad é is fiú é nuair atá saibhreas go leor agaibh sa tobar.”

D'fhág an triúr acu slán aige agus d'amharc siad air ag imeacht leis síos an bóthar. Nuair a bhí sé as amharc d'amharc siad ar a chéile. Bhí achan fhear acu ag smaoineamh ar an rud chéanna.

"Cad é a bhí i gceist aige?" arsa fear acu leis an bheirt eile.

"Seans go bhfuil a fhios aige rud éigin nach bhfuil a fhios againne."

"B'fhéidir gur fhág sé mála óir sa tobar," arsa fear eile.

Smaoinigh siad air ach ní raibh a fhios acu cad é a bhí i gceist aige.

Tháinig an t-earrach go luath an bhliain sin. Bhí an aimsir tirim agus níor thit an fhearthainn mórán. Bhí an talamh iontach tirim agus tháinig dath donn ar an fhéar. Ansin, tháinig an samhradh agus d'éirigh an aimsir ní ba teo. Níor thit braon fearthainne ar chor ar bith. D'úsáid na fir uisce ón tobar chun an talamh a choinneáil tais agus na barra a choinneáil beo. Thit leibhéal an uisce sa tobar agus de réir a chéile fuair bláthanna agus cuid de na barra bás. Bhí an teas go holc. Lá amháin ní raibh uisce ar bith fágtha sa tobar. Bhí siad triúr iontach buartha.

"Bhal," arsa fear acu, "beidh muid ábalta dul síos sa tobar agus a fháil amach cad é atá sa tobar."

Cheangail fear acu téad thart air féin agus chuaigh sé isteach sa tobar. Bhí lampa aige agus choinnigh an bheirt eile greim ar an téad. Bhain sé bun an tobair amach gan mórán moille.

Bhí an clábar tais ag an bhun. D'amharc sé thart ach ní raibh ann ach seanbhuicéad. Tharraing an bheirt ar ais é.

"An bhfuair tú rud ar bith?" a deir siad.

"Ní bhfuair mé tada ach an seanbhuicéad seo."

"Rachaidh mise síos," arsa an dara deartháir.

Chuaigh sé féin síos an iarraidh seo agus choinnigh an bheirt eile greim ar an téad. Bhí lampa aigesean fosta agus chuaigh sé síos go bun. Chuartaigh sé agus chuartaigh sé ach ní bhfuair sé tada ach an oiread. Ní raibh ann roimhe ach cupán a bhí briste. Chuaigh sé ar ais go dtí an barr.

“Cad é a fuair tú?” arsa deartháir leis.

“Ní bhfuair mé rud ar bith ach an cupán briste seo. Sin a raibh ann.”

“Rachaidh mise síos,” arsa an tríú deartháir.

Chuaigh seisean síos. Nuair a bhain sé bun an tobair amach ní raibh rud ar bith iontach ann. D’amharc sé thart ach ní raibh sé ábalta rud ar bith a fheiceáil ach frog beag glas. Thóg sé an frog beag glas agus chuaigh sé ar ais go dtí an barr.

“An bhfuair tú rud ar bith?” arsa an bheirt eile.

“Ní bhfuair ach an frog beag glas seo,” arsa an tríú deartháir.

“Mar sin de,” arsa an chéad deartháir, “níl saibhreas ar bith ann. Níl fiú uisce ann anois. Níl a fhios agam cad é a dhéanfaidh muid gan uisce.”

Go díreach ansin cé a tháinig an bealach ach an seanfhear.

“Cad é mar atá sibh?” arsa an seanfhear.

“Tá muid tirim,” arsa fear amháin acu.

“Bhal, amharc ar an spéir,” arsa an seanfhear. “Beidh fearthainn againn roimh thitim na hoíche.”

B’fhíor dó. Thit braonta móra fearthainne go gairid ina dhiaidh sin. Thit sé de dhíon is de dheoir. An oíche sin bhí an triúr deartháireacha agus an seanfhear ina suí ag caint lena chéile.

“Cad a bhí i gceist agat an t-am deireanach a bhí tú anseo? Dúirt tú go raibh saibhreas sa tobar againn. Chuartaigh muid an tobar sin ó bhun go barr agus ní tháinig linn a dhath ar bith a fháil ann,” arsa deartháir amháin leis.

“Ní bhfuair muid ach seanbhuicéad, cupán briste agus frog beag glas,” arsa deartháir eile.

“An bhfuil sibh bómánta ar fad?” arsa an seanfhear.

“Uisce a bhí i gceist agam!” D’amharc siad triúr amach ar an fhuinneog ar an fhearthainn a bhí ag titim agus thuig siad go raibh an ceart ag an tseanfhear.

© CCEA 2022

COUNCIL FOR THE CURRICULUM, EXAMINATIONS AND ASSESSMENT
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44(0)28 9026 1200 Email: info@ccea.org.uk
Web: www.ccea.org.uk

Rewarding Learning